CEACHT 38

AN LUCH



Pictiúr: Radharc:

An seomra suite, Bríd agus Nóirín ag súgradh, luch ar an urlár, Nóirín ag caoineadh, Bríd ag glaoch, Mamaí ag teacht isteach comhartha ceiste, an luch agus í istigh faoin gcófra, poll le feiceáil san urlár, an cat, le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. An cat a chur i lámha Bhríde de réir bhrí na cainte; an luch i mbéal an chait.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí Bríd agus Nóirín sa seomra suite. Bhí siad ag súgradh. Rith luch trasna an urláir. Thosaigh Nóirín ag caoineadh. Ghlaoigh Bríd ar Mhamaí. Tháinig Mamaí isteach.

Agallamh

MAMAÍ: Céard (cad) atá ort, a stór?
BRÍD: Rith luch isteach faoin gcófra.
NÓIRÍN: Chuir sí eagla orm, a Mhamaí.
MAMAÍ: Conas (cén chaoi) a tháinig sí isteach?
BRÍD: Féach, tá poll san urlár.
MAMAÍ: Faigh an cat, a Bhríd.

Cuntas Reatha

Thug Bríd isteach an cat. Mharaigh an cat an luch. Bhí Nóirín sásta ansin.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Bhí Bríd agus Nóirín sa chistin?
Bhí siad ag obair, is dócha?
Céard a rinne an luch?
Agus Nóirín bhocht?
Céard a rinne Bríd?
Agus Mamaí?

Bhuel, a "Mhamaí", cuir ceist ar Nóirín.
Céard a rinne an luch, a "Bhríd"?
Agus chuir sí áthas ort, a "Nóirín"?
Cuir ceist ar Bhríd faoin luch, a "Mhamaí".
Taispeáin di, a "Bhríd".
Abair le Bríd an cat a fháil, a "Mhamaí".

Céard a rinne Bríd?
Agus an cat?
Bhí brón ar Nóirín ansin, is dócha?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Bhí Bríd agus Nóirín sa *seomra suite.*
   (*cistin, seomra folctha, seomra codlata, seomra bia, scoil, siopa,* etc.).
2. Rith luch trasna *an urláir.*
   (*gairdín, bord, clós, bóthar, páirc, sráid*).
3. Rith luch isteach faoin *gcófra.*
   (*bord, cathaoir, leaba, deasc, staighre,* etc.).
4. *Mharaigh* an cat an luch.
   (*gach lá, amárach;* níor, ar?: *inné;* ní: *amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma eile:
   luch nó éan sa scoil.
3. An luch ag caint:
   Mise an luch. Bhí mé i mo pholl . . .
   (Mím agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a oireann).
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Cluiche:
   Cé a tháinig isteach?—mím ar ainmhithe, agus ar chuairteoirí chun na scoile.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Bhí Bríd agus Nóirín sa chistin
Nuair a tháinig an luch isteach,
Bhí eagla an domhain ar Nóirín
Agus rith sí an doras amach.

II

Bhí an cat amuigh sa gharáiste
Nuair a chuala sí Nóirín ag gol,
Ó léim sí isteach tríd an bhfuinneog
'S mharaigh an luch, ag an bpoll.